Deireadh Fómhair 2026

# Cor Poist ón nGaelAonad

Beannachtaí ó Fhoireann Trasearnála an GhaelAonaid. Seo duit eolas ar Eispéiris Foghlama Gairmiúla agus tacaíocht scoile i dtaca leis an bPlean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla, an tionscadal Foghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT) agus Tionól Teagaisc na hIar-bhunscoile 2026.

## An Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla




[Má tá tuilleadh eolais uait faoi chur i bhfeidhm an Phlean Gnímh i do scoil, is feidir linn tacú! Seol ríomhphost chuig eolas@oide.ie]


Ciorclán 0050/2026

Chuig Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Baill Foirne Teagaisc na nIar-bhunscoileanna Meán-Bhéarla aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

An Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla a thabhairt chun Feidhme

1. Cuspóir an chiorcláin seo

2. Teagasc na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla

3. An Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla

**Ciorclán 0050/2026**

## EFG Nua 2026/2027

### Is féidir liom, is féidir linn.....

### An Ghaeilge ar Scoil do Chách

**Ar mhaith leat an Ghaeilge a chur chun cinn do gach foghlaimeoir i do scoil?**

Foghlaim conas an *Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla* a chur i bhfeidhm le linn an EFG lánlae seo.

- Smaointe praiticiúla, straitéisí theagaisc agus acmhainní le roinnt ar an lá.
- Ionadaíocht ar fáil.
- Lón san áireamh.

**An chéad dáta eile:**

**IO Luimnigh - 21/10/26**

**Cláraigh ag dms.oide.ie**

## Ag Breathnú ar an nGaeilge




Tá Ag Breathnú ar an nGaeilge (2026) réitithe ag cigirí Gaeilge chun cur go dearfach le teagasc, foghlaim agus measúnú san ábhar in iar-bhunscoileanna.

Deireadh Fómhair 2026

# Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT)

Ár mbuíochas leis na scoileanna atá ag leanúint ar aghaidh leis an tionscadal FCÁT, bliain a dó agus cuirimid fáilte roimh na scoileanna nua atá réidh le tús a chur le bliain a haon i mí Eanáir 2027.

**Cad atá i gceist le FCÁT?** Is cur chuige oideachasúil défhócasaithe í FCÁT ina n-úsáidtear teanga eile (an Ghaeilge sa chás seo) chun ábhar agus teanga araon a fhoghlaim agus a mhúineadh.

**Cén tacaíocht a bheidh ar fáil?** Beidh tacaíocht ar fáil uair sa tseachtain ar feadh 8 seachtaine.

**Cathain?** Téarma 2, Eanáir 2027 **Cá fhad?** 8 seachtaine

**Tuilleadh eolais** anseo agus ag eolas@oide.ie agus FCÁT Iar-bhunscoile mar líne abhair

Ag Ailíniú leis an bPlean Gnímh don Ghaeilge i scoileanna Meán-Bhéarla

## Tionól Teagaisc 2026

Beidh Tionól Teagaisc 2026 ar siúl san Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise ar an 7 Samhain 2026. Bígí Linn!




**Cláraigh don Tionól Teagaisc anseo**

